

Achoimre Feidhmiúcháin



Tuarascáil Bhliantúil
EASO ar staid
an tearmainn
san Aontas Eorpach
2018

Printed by Bietlot in Belgium

Arna chríochnú i Meitheamh 2019

Níl an EASO ná aon duine eile a bheadh ag gníomhú thar ceann na gníomhaireachta freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019

Print ISBN 978-92-9476-739-4 doi:10.2847/862638 BZ-02-19-250-GA-C
PDF ISBN 978-92-9476-453-9 doi:10.2847/552600 BZ-02-19-250-GA-N

Pictiúr clúdaigh: © European Asylum Support Office, Austin Tufigno

© European Asylum Support Office, 2019

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinsé a admháil.

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.



Achoimre Feidhmiúcháin

**Tuarascáil Bhliantúil
EASO ar staid
an tearmainn
san Aontas Eorpach
2018**

24 Meitheamh 2019

Codanna den Achoimre Feidhmiúcháin

Achoimre Feidhmiúcháin	3
Forbairtí ar leibhéal an Aontais	4
Cosaint Idirnáisiúnta san AE+	8
Forbairtí tábhachtacha ar an leibhéal náisiúnta	15
Feidhmiú CET	16

Achoimre Feidhmiúcháin

Réamhrá

Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach 2018 ó EASO, tugtar forbhreathnú cuimsitheach ar fhorbairtí maidir le cosaint idirnáisiúnta ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal na gcóras náisiúnta tearmainn. Tá an Tuarascáil bunaithe ar raon leathan foinsí, iniúchtar inti na príomhthreochtaí staidrimh agus déantar anailís inti ar athruithe i dtíortha AE+ maidir leis an reachtaíocht, na beartais, na cleachtais agus an cásdlí náisiúnta atá i bhfeidhm acu. Cé go ndírítear sa tuarascáil ar phríomhréimsí den Chomhchóras Eorpach Tearmainn, déantar roinnt mhaith tagairtí riachtanacha inti don mhór-chomhthéacs imirce agus ceart bunúsach freisin.



Forbairtí ar leibhéal an Aontais

Tuairiscíodh forbairtí suntasacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta san Aontas Eorpach sa bhliain 2018.

Leanadh leis an gcaibidlíocht idirinstiúideach maidir leis na tograí um athchóiriú tearmainn. I mí na Nollag 2017, leag an Chomhairle Eorpach sprioc amach chun seasamh a bhaint amach maidir le hathchóiriú foriomlán faoi mhí an Mheithimh 2018. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar chúig as seacht dtogra: **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh do Chúrsaí Tearmainn, Rialachán Eurodac, Creat-Rialachán Athlonnaithe an Aontais, an Rialachán um Cháilíocht agus an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha**, ar bhain na comhreachtóirí comhaontú leathan polaitiúil amach ina leith faoin spriocdháta i mí an Mheithimh 2018. Fós féin, lean éagsúlachtaí ar roinnt saincheisteanna conspóideacha ar aghaidh agus chuir tromlach na mBallstát in iúl go raibh inní orthu maidir le ceann amháin nó níos mó de na tograí um athchóiriú tearmainn a ghlacadh sula raibh gach ceann acu réidh lena nglacadh, d'ainneoin an tairbhe a bhain le gach togra aonair a ghlacadh ar leithligh. Ó shin i leith, d'ainneoin roinnt dul chun cinn ar an leibhéal teicniúil, ní raibh an Chomhairle in ann seasamh a ghlacadh maidir le **Rialachán Bhaile Átha Cliath** agus an **Rialachán Nós Imeachta Tearmainn**; mar sin, níl athchóiriú tearmainn fós tugtha chun críche. In 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh maidir leis an Rialachán Nós Imeachta Tearmainn, rud a chiallaíonn go bhfuil seasamh glactha aici le gach comhad CET. Le linn na caibidlíochta ar na tograí um athchóiriú tearmainn, cuireadh béim ar mhéadú ar dhlúthpháirtíocht i measc tíortha agus freagracht chomhroinnte mar

bhunchloch maidir le feidhmiú agus calabrú breise CET.

I gcomhréir leis an bhfreagracht atá air a áirithiú go gcuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm go cuí, rinne an Coimisiún Eorpach bearta faoi chuimsiú nósanna imeachta sáraithe lenar bhain an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn, agus an tSlóivéin.

D'eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh 16 bhreithiúnas ar thagairtí maidir le réamhrailuithe ag léirmhíniú Rialachán Bhaile Átha Cliath, an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn agus an Treoir um Cháilíocht. Níor eisíodh aon chinneadh i ndáil leis an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, cé go bhfuil dhá chás ábhartha ar feitheamh.

Sainíodh dlúthpháirtíocht mhéadaithe i measc tíortha AE+ agus braistint chomhfhreagrachta mar bhunchloch bhunaidh maidir le feidhmiú agus calabrú CET.

Torthaí
Eochair

Go sonrath, rinne CBAE anailís ar shaincheisteanna a bhaineann le gnéithe teicniúla i dtaca le hiarrataí ar ghabháil ar láimh agus ar ghabháil ar ais faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III, amhail teorainneacha ama is infheidhme i gcéimeanna éagsúla de

nós imeachta Bhaile Átha Cliath; fianaise a chuir iarratasóirí i láthair chun éilimh a dhearbhu maidir lena greideamh reiligiúnach agus an riosca géarleanúna ar chúiseanna a bhaineann le reiligiún; an tábhacht a bhaineann le measúnú aonair ar éilimh ar thearmann, atá le déanamh i gcomhthéacs imthosca pearsanta an iarratasóra; measúnú ar na fíricí agus ar na himthosca a bhaineann le claonadh gnéasach dearbhaithe iarratasóirí; incháilitheacht do chosaint choimhdeach iarratasóirí ar íospartaigh chéastóireachta iad, i gcás go bhféadfaí go mbainfí díobh d'aon ghnó cúram síceolaíoch cuí má fhilleann siad ar a dtír thionscnaimh, fiú mura bhfuil baol ann go ndéanfaí iad a chéasadh arís; próiseáil iarratas arna gcur isteach ag daoine atá cláraithe le Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA); forais eisiata i gcomhthéacs na cosanta coimhdí; sochair slándála sóisialta do dhídeanaithe a bhfuil ceadanna cónaithe sealadacha acu; coincheapa na dtíortha sábháilte a chur i bhfeidhm; sainmhíniú breise ar nósanna imeachta maidir le hachomhairc dara céime; agus athaontú teaghlaigh mionaoiseach neamhthionlactha a shroicheadh lán-aois tar éis iarratas a thaisceadh.

Leanadh sa bhliain 2018 leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce a chur chun feidhme agus rinneadh achoimre air sa Teachtaireacht a d'eisigh an Coimisiún maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh i ndáil leis an Imirce. Léirigh forbairtí ábhartha le linn 2018 iarracht chomhordaithe chun aistriú ó fhreagairtí ad hoc go réitigh mharthanacha a bheadh slán amach anseo i réimse an tearmainn. Cé go bhfuil bearta struchtúracha fadtéarmacha á bhforbairt freisin, tá roinnt beart láithreach sainaitheanta ag an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna práinneacha feadh

bhealaí na Meánmhara Thiar, Láir, agus na Meánmhara Thoir, lena n-áirítear cúnamh a sholáthar do Mharacó, feabhas a chur ar choinníollacha imirceach sa Libia, le béim ar na daoine is leochaílí, agus sreafaí oibre oibriúcháin ar oileáin na Gréige a bharrfheabhsú tuilleadh.

Sa Ghréig...

Dhírigh an ghníomhaíocht ar dhálaí maireachtála a fheabhsú sna teophointí agus béim á leagan ar fhreastal ar riachtanais ghrúpaí leochaileacha.



Sa **Ghréig**, cuirtear cur chuige na dteophointí i bhfeidhm taobh leis an ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, a bhfuil mar chuid de na haidhmeanna leis, cosc a chur ar bhealaí nua farraige nó talún a chruthú le haghaidh imirce neamhdhleathach ón Tuirc chuig an Aontas Eorpach. I bhfianaise brú leanúnach imirce agus líon íseal fillteacha, bhí ról lárnach ag cur chuige na dteophointí maidir leis an staid ar na hoileán a chobhsú. Dhírigh an ghníomhaíocht ar dhálaí maireachtála a fheabhsú sna teophointí agus béim á leagan ar fhreastal ar riachtanais ghrúpaí leochaileacha. Cuireadh leis na hiarrachtaí sin le méadú ar an gcumas glactha ar an mórtír agus le reachtaíocht nua ar chóras caomhnóireachta náisiúnta do mhionaoisigh. Ag an am céanna, tá brú trom ar an mbonneagar, ar sheirbhíse leighis agus ar bhainistíocht dramhaíola mar thoradh ar róphlódú na n-oileán, agus tá méadú tagtha ar an teannas idir imircigh agus codanna den daonra. I mí an

Mhárta 2019, trí bliana tar éis an ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil ina raibh faisnéis faoi thorthaí carnacha thrí bliana a chur chun feidhme.

Is díol suntais é, go bhfuil teacht isteach neamhrialta ón Tuirc chuig oileáin na Gréige fós 97 % níos ísle ná mar a bhí le linn na tréimhse sula raibh feidhm ag an Ráiteas, agus tá laghdú suntasach ar líon na ndaoine a cailleadh ar muir. Ag an am céanna, le linn 2018, tá méadú suntasach tagtha ar líon na dtrasnuithe neamhrialta ón Tuirc go dtí an Ghréig tríd an teorainn talún, agus is Turcaigh iad thart ar leath na ndaoine a thrasnaíonn an teorainn. Léiríonn sé sin gur gá tacaíocht a threisiú ag an teorainn. Ó mhí an Mhárta 2019, athlonnaíodh 20 292 dídeanaí Siriach ón Tuirc go tíortha AE+, agus leithdháileadh EUR 192 milliún san iomlán ó chistí an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht chun tacú le ligean isteach dleathach Siriach ón Tuirc. Ina theannta sin, do na blianta 2016-2019, díródh EUR 6 bhiliún EUR san iomlán tríd an tSaoráid do Dhídeanaíthe sa Tuirc, le leath de ag teacht ó chistí an Aontais agus an leath eile ag teacht ó ranníocaíochtaí náisiúnta aonair ó thíortha AE+. Tá gá le tuilleadh dul chun cinn maidir le fillleadh go dtí an Tuirc ó na hoileáin Ghréagacha a chur chun feidhme.

San **Iodáil**, lean gníomhaireachtaí AE orthu ag soláthar a dtacaíochta do chur chun feidhme chur chuige na dteophointí, ag cur a leibhéil foirne in oiriúint do na riachtanais reatha. In 2018, áiríodh le rannchuidiú an Aontais i dtreo chur chun feidhme chur chuige na dteophointí, i measc gníomhaíochtaí eile, feidhmíocht scagtha thánaistigh, soláthar cúnamh leighis, agus idirghabháil idirchultúrtha. Ina theannta sin, chuir an tAontas cúnamh airgeadais ar fáil, agus imscaradh saeolaíthe chun tacú le scagadh, clárú, aithint agus soláthar faisnéise d'imirce.

San Iodáil...

lean gníomhaireachtaí AE orthu ag soláthar a dtacaíochta do chur chun feidhme chur chuige na dteophointí, ag cur a leibhéil foirne in oiriúint do na riachtanais reatha.



Le linn 2018, spreag díbhordáil imirceach agus dídeanaíthe a tarrtháladh ar muir sa Mheánmhuir díospóireachtaí faoi dhlúthpháirtíocht, comhroinnt freagrachta agus cur chuige níos córasaí agus níos comhordaithe ón Aontas Eorpach a fhorbairt maidir le díbhordáil, glacadh ar an gcéad chéim, clárú agus athlonnú. Chuige sin, cuireadh an smaoineamh chun tosaigh maidir le socrúithe sealadacha a chur i bhfeidhm, a d'fhéadfadh a bheith ina réiteach idir an dá linn go dtí go dtiocfaidh Rialachán nua Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm, ag tarraingt ar an taithí a fuarthas ar réitigh ad hoc maidir le díbhordáil i rith an tsamhraidh 2018. D'fhéadfaí na socrúithe sealadacha sin a fhorbairt i bplean oibre trédhearcaic céim ar chéim, bunaithe ar chomhthuscint ar leasanna comhroinnte, a chinnteodh go soláthrófaí cúnamh oibríochtúil agus éifeachtach ón gCoimisiún, ó ghníomhaireachtaí AE, agus ó Bhallstáit eile chuig an mBallstát lena mbaineann.

Is meicníochtaí lárnacha iad ligean isteach athlonnaithe agus daonnúla a chuireann bealach sábháilte agus dlíthiúil ar fáil don AE+ do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, agus an brú

atá ar thíortha a bhfuil líon mór dídeanaithe iontu a mhaolú ag an am céanna.

D'fhéadfadh socrúithe sealadacha le haghaidh díbhordála, a forbraíodh i bplean oibre trédhearcach céim ar chéim, bunaithe ar chomhthuiscint de leasanna comhroinnte, seachadadh cúnamh oibríochtúil agus éifeachtaigh ón gCoimisiún a áirithiú, ó ghníomhaireachtaí AE, agus ó Bhallstát eile chuig an mBallstát atá faoi bhrú.


Torthaí Eochair

Sna blianta 2015-2017, trí chlár athlonnaithe éagsúla AE, athlonnaíodh 27 800 duine san Eoraip, agus faoin Scéim nua Athlonnaithe Eorpach, tá níos mó ná 50 000 áit athlonnaithe curtha i ngeall ag 20 Ballstát AE le cur chun feidhme faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2019, rud a fhágann gurb é an tionscnamh seo an iarracht is mó maidir le hathlonnú atá déanta ag an Aontas go dtí seo. Ó mhí an Márta 2019, tá os cionn 24 000 de na hathlonnaithe sin tagtha chun cinn. I gcomhar leis an Scéim Athlonnaithe Eorpach, tá ról ag clár

athlonnaithe náisiúnta freisin maidir le bealach dlíthiúil agus sábháilte a sholáthar do dhaoine aonair a bhfuil cosaint de dhíth orthu. Ar deireadh, cabhraíonn clár um ligean isteach ar fhorais dhaonnúla, lena n-áirítear tionscnaimh urraíochta príobháidí a chuirtear i bhfeidhm i roinnt tíortha AE+, go suntasach i dtreo na críche céanna.

Maidir leis an ngné sheachtrach de bheartas imirce an Aontais, in 2018, lean an tAontas lena chomhoibriú le comhpháirtithe seachtracha chun aghaidh a thabhairt go dearfach ar cheist na himirce, trí chur chuige cuimsitheach atá fréamhaithe san iltaobhachas. Ar bhuaicphointí an dul chun cinn a rinneadh sa réimse sin in 2018 áirítear: tuilleadh acmhainní a leithdháileadh chun clár a chur feidhme faoi chuimsiú Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic agus an Chiste Infheistíochta Seachtraí; líonraí smuigleála a chomhrac trí bhearta oibríochtúla d'fhonn comhar i bhforfeidhmí an dlí a fheabhsú; fillleadh ordúil a chur chun cinn chomh maith le hathlígian isteach i gcomhphlé le tíortha comhpháirtíochta, chomh maith le cúnamh ath-lánpháirtithe a sholáthar; bainistíocht teorann a fheabhsú trí chomhaontuithe a shíniú ar chomhoibríochtaí ar dhá thaobh na dteorainneacha comónta, oiliúint, agus comhroinnt saineolais; agus cúnamh a sholáthar chun dídeanaithe agus imircigh a chosaint thar lear. I measc na gcéimeanna sa todhchaí maidir le gné sheachtrach bheartas imirce an Aontais tá comhaontuithe stádais le tíortha na mBalcán Thiar a thabhairt chun críche; forbairt comhaontuithe nua um athlígian isteach le tríú tíortha; agus síneadh a chur le comhpháirtíochtaí oibríochtúla le tríú tíortha i réimsí na n-imscrúduithe comhpháirteacha, i bhforbairt acmhainní agus i malartú oifigeach idirchaidrimh.

Cosaint Idirnáisiúnta san AE+



Ba laghdú é an 664 480 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in AE+, don tríú bliain as a chéile, don 10 % an uair seo. Cé gur fhan líon na n-iarratas an-chobhsaí i rith 2018, tá cobhsaíocht choibhneasta ar leibhéal an AE+ ag ceilt éagsúlachtaí móra idir na Ballstáit agus idir saoránachtaí aonair.

I dtéarmaí treochtaí staitistiúla, in 2018, bhí 664 480 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+, rud a léirigh laghdú don tríú bliain as a chéile, an uair seo 10 %. Bhain thart ar 9 % de na hiarratais go léir le hathiarratasóirí. Bhí an líon iarratas a taisceadh in AE+ cosúil le 2014, nuair a taisceadh 662 165 iarratas. Is fiú a thabhairt faoi deara, cé gur fhan líon na n-iarratas thar a bheith cobhsaí i rith 2018, go gceileann an chobhsaíocht choibhneasta ar leibhéal AE+ móréagsúlacht idir Ballstáit agus idir saoránachtaí aonair a dhéanann iarratas. Tháinig laghdú ar an mbrú

imirceach ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh don tríú bliain as a chéile. Tharla borradh i mbrath ag bealach na Meánmhara Thiar (níos mó ná dúbailt), ag teacht le líon na mbrath ag bealach na Meánmhara Thoir (thart ar 57 000 an ceann).

Ba iad an tSiria (ó 2013) (13 %), an Afganastáin agus an Iaráic (7 % an ceann) na trí phríomhthír thionscnaimh de chuid iarratasóirí san AE+, le chéile is ionann iad agus breis is an ceathrú cuid de na hiarratasóirí go léir in 2018 (27 %).

Ar an 10 saoránacht tionscnaimh is mó iarratas áiríodh an Phacastáin, an Nigéir, an Iaráin, an Tuirc (4 % an ceann), Veiniséala, an Albáin agus an tSeoirsia (3 % an ceann).

I dtíortha comharsanacha na Siria, mar atá an Iaráic, an Iordáin, an Liobáin, an Tuirc, an Éigipt - agus tíortha eile san Afraic Thuaidh, b'ionann agus thart ar 5.7 milliún duine an líon dídeanaithe Síracha cláraithe a bhí ann faoi dheireadh na bliana 2018, dar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le ghaird Dídeanaithe.

Cosúil leis na blianta roimhe seo, in 2018 b'amhlaidh go raibh níos mó ná dhá thrian de na hiarratasóirí go léir ina bhfir nó ina mbuachaillí agus trian amháin díobh ina mná nó ina gcaoilíní. Bhí beagnach leath na n-iarratasóirí idir 18 agus 35 bliana d'aois, agus ba mhionaoisigh beagnach aon trian díobh.

In 2018, chuir thart ar 20 325 mionaoiseach neamhthionlactha isteach ar chosaint idirnáisiúnta san AE+, ag léiriú laghdú mór de 37 % i gcomparáid le 2017. Ba é 3 % an sciar de mhionaoisigh neamhthionlachta

i gcomparáid leis na hiarratasóirí go léir, cosúil le 2017. Taisceadh beagnach trí cheathrú de na hiarratais i gcúig thír AE+: an Ghearmáin, an Iodáil, an Ríocht Aontaithe, an Ghréig agus an Ísiltír.

Maidir le tíortha glactha, in 2018, taisceadh formhór na n-iarratas ar thearmann sa Ghearmáin, sa Fhrainc, sa Ghréig, san Iodáil, agus sa Spáinn. I dteannta a chéile, bhí na cúig thír sin freagrach as trí cheathrú de na hiarratais ar fad a cuireadh isteach san AE+. Fuair an Ghearmáin na hiarratais is mó (184 180) don seachtú bliain as a chéile, in ainneoin laghdú 17 % i gcomparáid le 2017.

Mhéadaigh iarratais sa Fhrainc don cheathrú bliain as a chéile, oiread agus 120 425 in 2018, an leibhéal is airde a taifeadh sa Fhrainc go dtí seo. Ba í an Ghréig an tír a raibh an tríú líon is airde iarratas aici a taisceadh san AE+ in 2018, ag méadú don chúigiú bliain as a chéile, go 66 965 iarratas. Tharla athrú suntasach san Iodáil, áit ar tháinig laghdú 53 % ar iarratais. D'fhan an Spáinn sa chúigiú háit, ach mhéadaigh iarratais ó 36 605 in 2017 go 54 050 in 2018.


Léiríonn sé sin treocht mheasctha thábhachtach a luadh ag tús na coda seo: léiríodh an laghdú foriomlán 11 % ar iarratais idir 2017 agus 2018 in AE+ i mbreis agus leath de na tíortha AE+ go léir, agus sa leath eile, mhéadaigh na hiarratais, go mór i roinnt tíortha. Áiríodh ar na cúig thír is mó glactha in aghaidh an duine **an Chipir, an Ghréig, Málta, Liechtenstein,** agus **Lucsamburg.**

Soláthraíonn na príomhshreafaí tearmainn, go sonrach, diaid de shaoránachtaí i dtíortha glactha, pictiúr beagán níos caolchúisí ná mar a dhéanann dálaí ar leith maidir leis na tíortha tionscnaimh agus na tíortha glactha.

Ba ar an nGearmáin, ar an bhFrainc, ar an nGréig agus ar an Spáinn a bhí na 10 bpríomhphlódaithe in 2018 dírithe. Ní bhfuair an Iodáil aon cheann de na 10 bpríomhshreabhadh, cé gurb í an ceathrú tír ghlactha ar an iomlán; is dócha go leanann sé sin an laghdú ar shaoránachtaí ar leith a chuireann iarratas isteach san Iodáil agus freisin éagsúlú na n-iarratas.

Bhain na deich bpríomhshreabhadh le seacht saoránacht, iad go léir laistigh de na deich saoránacht tionscnaimh is mó in 2018: In ainneoin na n-iarratas ag laghdú ar an iomlán, fuair an Ghearmáin sé cinn ar a laghad de na deich bplódú is mó isteach ó shaoránachtaí ar leith: Siriaigh, Iarácaigh, Afganastánaigh, Iaránaigh, Nigéaraigh agus Turcaigh. Fuair an Ghréig dhá cheann de na príomhshreafaí (Siriaigh go dtí an Ghréig agus Afganastánaigh go dtí an Ghréig). Ní bhfuair an Spáinn agus an Fhrainc ach ceann amháin de na príomhshreafaí: Veiniséalaigh go dtí an Spáinn (an dara plódú isteach is mó isteach i dtír AE+ in 2018) agus Afganastánaigh go dtí an Fhrainc. Bhí Pacastánaigh, Albánaigh agus Seoirsigh i measc na ndeich saoránacht tionscnaimh is mó san AE+, ach ní raibh siad ar na deich sreabh is mó chuig tíortha sonracha AE+. Ciallaíonn sé sin go raibh níos lú iarratas i gceann amháin nó i roinnt tíortha do na saoránachtaí sin.

Hiarratais is fearr ar chosaint idirnáisiúnta in 2018, de réir thír AE+ agus saoránachtaí tionscnaimh




Foinse: Eurostat

Ar an iomlán in 2018, tarraingíodh siar thart ar 57 390 iarratas ar fud thíortha AE+, thart ar leath an oiread agus a tarraingíodh siar in 2017. B'ionann agus 9 %, céatadán a bhí níos ísle ná mar a bhí le blianta roimhe sin, an cóimheas idir an líon iarratas a tarraingíodh siar agus an líon iomlán iarratas a cuireadh isteach i dtíortha AE+. De réir sonraí EASO, agus cosúil le blianta roimhe sin, bhí thart ar cheithre chúigiú de na haistarraingtí san AE+ intuigthe.

Maidir le cásanna atá ar feitheamh, ag deireadh 2018, bhí thart ar 896 560 iarratas ag feitheamh ar chinneadh deiridh san AE+, rud a léirigh laghdú 6 % i gcomparáid le 2017.

Bhí líon na gcásanna a bhí ar feitheamh ag deireadh 2018 i bhfad níos airde ná mar a bhí ag deireadh 2014; mar sin féin, cláraíodh laghdú don dara bliain as a chéile. Is fiú a thabhairt faoi deara go raibh líon na gcásanna a bhí ar feitheamh ag an gcéad chéim beagnach comhionann le líon na gcásanna a bhí ar feitheamh ag an dara céim agus céimeanna níos airde, thart ar 448 000 gach ceann acu. Dá bhrí sin, ag deireadh 2018, ba chosúil go raibh an brú ar chórais náisiúnta tearmainn dáilte go cothrom idir údarásí tearmainn agus comhlachtaí breithiúnacha.

Cásanna atá ar feitheamh ag céad céim (dúghorm) agus ag céim dheiridh (gorm éadrom), 2015-2018



Foinse: Eurostat agus sonraí EPS EASO.

D’fhan na cúig náisiúntacht is mó a bhí ag feitheamh ar chinneadh deiridh mar an gcéanna le 2017, eadhon **Afganastánaigh, Siriaigh, Iarácaigh, Nigéaraigh agus Pacastánaigh**. Cé gur laghdaigh an líon i gcás gach ceann de na náisiúntachtaí sin, b’ionann iad agus níos mó ná leath den líon in AE+. Ag deireadh 2018, lean **an Ghearmáin** de bheith ar an tír leis an líon is mó cás ar feitheamh ag gach céim, in ainneoin laghdú beag i gcomparáid le bliain roimhe sin. Bhí **an Iodáil** ar an dara tír AE+ leis an líon is mó cásanna ar feitheamh, ach tháinig laghdú de bheagnach aon trian ar an líon i gcomparáid le deireadh 2017.

Bhí an méadú iomlán ba mhó ag **an Spáinn** maidir le cásanna a bhí ar feitheamh, bhí dúbailt ann go beagnach 79 000 ag deireadh 2018. Tharla méadú mór foriomlán sa Ghréig freisin, áit ar mhéadaigh an líon os cionn 76 000. Thuairiscigh an Fhrainc freisin go raibh níos mó cásanna ar feitheamh inti ná mar a bhí bliain ó shin, suas le beagnach 53 000. Ag an am céanna, bhí laghdú ar

líon na gcásanna a bhí ar feitheamh i thart ar leath de na tíortha AE+. I sé thír, bhí laghdú de níos mó ná míle cás i gceist; ina theannta sin, i gceithre cinn díobh (an Ghearmáin, an Iodáil, an Ostair agus an tSualainn), laghdú níos mó ná 10 000 cás a bhí ann.

Ar an iomlán, is cosúil go raibh forbairt i líon na gcásanna ar feitheamh nasctha den chuid is mó le hiarratais nua ar thearmann. Ba ionann na tíortha leis an laghdú is mó ar líon na gcásanna ar feitheamh agus iad siúd a raibh an laghdú is mó acu ar iarratais ar thearmann i rith 2018. Bhí a mhalairt fíor freisin: bhí na trí thír leis na méaduithe is suntasaí i líon na gcásanna atá ar feitheamh faoi réir na méaduithe is suntasaí in iarratais ar thearmann.

D’eisigh tíortha AE+ 601 525 chinneadh céadchéime in 2018, laghdú mór de 39 % i gcomparáid le 2017. Dá bhrí sin, ar an iomlán in 2018, cuireadh níos mó iarratas isteach in AE+ ná mar a eisíodh cinntí. Bhí


tromlach na gcinntí (367 310, nó 61 %) diúltach; gan cosaint ar bith a thabhairt. Bhí tuairim is 234 220 cinneadh dearfach; díobh siúd, deonaíodh stádas dídeanaí don chuid is mó (129 685 nó 55 % de na cinntí dearfacha), agus deonaíodh cosaint choimhdeach (63 100 nó 27 %) nó cosaint dhaonnúil (41 430 nó 18 %) do chéatadán níos lú. Cé gur eisíodh níos lú cinntí dearfacha ar an iomlán, i gcomparáid leis an mbliaín seo caite, tugadh stádas dídeanaí do chion níos airde de na cinntí dearfacha. Maidir le líon na gcinntí céadchéime a eisíodh i ngach tír, eisíodh formhór na gcinntí sa **Ghearmáin** (30 % de na cinntí go léir), **an Fhrainc** (19 %) agus **an Iodáil** (16 %). D'eisigh na trí thír sin i dteannta a chéile thart ar dhá thrian de na cinntí go léir a eisíodh san AE+.

Ba é 39 % an ráta aitheanta iomlán AE+ i gcinntí céadchéime in 2018, ag laghdú faoi 7 bpointe céatadán ón mbliaín roimhe sin. Tharla an laghdú sin go príomha mar gheall ar thitim sna rátaí aitheantais do roinnt saoránachtaí tionscnaimh, agus go háirithe dóibh siúd ar eisíodh líon ard cinntí ina leith. Taifeadadh rátaí aitheantais níos ísle i gcomparáid leis an mbliaín roimhe sin d'iarratasóirí ón tSomáil, ón Iaráin, ón Iaráic, ón Eiritré agus ón tSiria. I gcodarsnacht leis sin, tuairiscíodh an t-athrú méadaithe d'iarratasóirí ó Veiniséala, ón tSín, ón tSalvadóir agus ón Tuirc.

Ba ó Éimin (89 %), ón tSiria (88 %) agus ón Eiritré (85 %) na rátaí aitheantais is airde ag an AE+, agus ba ón Moldóiv (1 %), ón Macadóin Thuaidh (2 %) agus ón tSeoirsia (5 %) na rátaí aitheantais is ísle d'iarratasóirí.

Is gnách go n-athraíonn rátaí aitheantais idir tíortha AE+, ar luachanna réasúnta íseal agus ard de na rátaí aitheantais, go háirithe d'iarratasóirí ón Afganastáin, ón Iaráin, ón Iaráic agus ón Tuirc. Bhí athrú ar rátaí aitheantais níos teoranta d'iarratasóirí ón Albáin, ón Bhanglaidéis agus ón Nigéir,


chomh maith le hiarratasóirí ón Eiritré agus ón tSiria.



I gcás saoránachtaí aonair, is féidir go dtugtar le fios go pointe éigin san éagsúlacht sna rátaí glactha i measc tíortha AE+ go bhfuil easpa comhchuíbhithe ann ó thaobh cleachtais chinnteoireachta de (mar thoradh ar dhifríoachtaí sa mheasúnú a dhéantar ar na dálaí i dtír thionscnaimh nó difríoachtaí sa léirmhíniú ar choincheapa dlíthiúla nó mar thoradh ar an gcásdlí náisiúnta). Is féidir go dtugtar le fios inti freisin, áfach, gurb amhlaidh, fiú i measc iarratasóirí ón aon tír thionscnaimh amháin, go mbíonn roinnt de thíortha AE+ ag glacadh daoine aonair a bhfuil forais chosanta an-difriúil acu, lena n-áirítear, mar shampla, mionlaigh eitneacha ar leith, daoine ó réigiúin áirithe laistigh de thír, nó iarratasóirí ar leanaí neamhthionlactha iad.

Maidir le scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ag an gcéad chéim,

féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as nósanna imeachta speisialta, amhail nósanna imeachta brostaithe, nósanna imeachta um chriosanna teorann agus nósanna imeachta tosaíochta, agus iad ag gníomhú ag an am céanna i gcomhréir leis na bunphrionsabail agus na bunráthaíochtaí a bheartaítear i reachtaíocht tearmainn na hEorpa. Cé gur diúltú ba thoradh le formhór na gcinntí céadchéime arna n-eisiúint san AE+ i líon i bhfad níos mó a bhain úsáid as nósanna imeachta brostaithe nó teorann ná mar a dhéantar i gcinntí a rinneadh trí ghnáthnósanna imeachta, tá cásanna ann ina dtugtar cosaint idirnáisiúnta ag úsáid nósanna imeachta speisialta. De réir sonraí a malartaíodh faoi chuimsiú Chóras Réamhrabhaidh agus Ullmhachta EASO, ba é 11 % an ráta aitheantais do chinntí céadchéime a eisíodh ag baint úsáide as nósanna imeachta brostaithe, agus 12 % dóibh siúd a bhí ag úsáid an nós imeachta teorann.



Maidir le cinntí a eisíodh in achomharc nó in athbhreithniú, in 2018, d'eisigh tíortha AE+ 314 915 chinneadh ag an dara céim nó níos airde, méadú 9 % i gcomparáid le 2017. Ina theannta sin, in 2018, tugadh cosaint éigin do sciar níos airde de na cinntí deiridh: ba é 37 % an ráta aitheantais do chinntí a eisíodh ag an gcéim dheiridh, méadú ó 33 % in 2017. D'eisigh trí thír AE+ trí cheathrú de na cinntí deiridh in 2018: an Ghearmáin, an Fhrainc nó an Iodáil. Príomhfhorbairt ab ea an méadú géar ar líon na gcinntí deiridh a eisíodh d'iarratasóirí

ó thíortha Iarthar na hAfraice, mar shampla an Ghaimbia, an Cósta Eabhair, an Nigéir agus an tSeineagáil.

